

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 7

Oifig an Aire Airgeadais

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 7, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair chaipitiúil sa bhliain 2025, as leithreasáí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2024, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear barrachas €1.37 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcioclán 25 de 2025, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a chur i bhfeidhm, ar nithe iad a bhfuil éifeacht leo do thréimhsí cuntas ón 1 Eanáir 2025 i leith.

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoin, fearas agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Sócmhainní doláimhsithe	10 mbliana	10%
Trealamh TF	5 bliana	20%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasafóichta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á dhearbhu go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí áirithe do Vóta 7 ar bhonn comhroinnte.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirínte ábhartha uile.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Úsáideann an Roinn feidhm iniúcháireachta inmheánaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoi théarmaí an chomhaontaithe seirbhíse idir an dá Roinn. Feidhmíonn an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Bíonn a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn Airgeadais neamhchosanta orthu agus bíonn a phleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí (a ullmhaítear i gcomhairle leis an gCoiste Iniúcháireachta agus a bhíonn faofa agam) bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na plananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €5.05 milliún san iomlán sa bhliain 2025.

Thug an Roinn mionsonraí faoi ocht gconradh neamhiomaíocha ab fhiú breis agus €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Ba chonarthaí comhlíontacha iad sin, áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaitheint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaitheintear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Riosca agus an Bord Feidhmiúcháin an clár a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe ionas go gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Feidhmiúcháin, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaitheintíodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú

na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaitníodh aon laigí ar rialuithe inmheánacha airgeadais i ndáil leis an mbliain 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

John Hogan

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Aire Airgeadais

9 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An Roinn Airgeadais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Lúil 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáлтаis agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais

Cuntas Leithreasa 2025

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Beartas eacnamaíoch, fioscach agus seirbhísí baincéireachta agus airgeadais			
	<i>Bunaidh</i>	51,644		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	110		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		51,755	50,706	44,924
Ollchaiteachas		51,755	50,706	44,924
<i>Lúide</i>				
B	Leithreasáí-i-gcabhair	965	1,287	7,537
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	50,679		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	110		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		50,790	49,419	37,387

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Stáitchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasáí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn.

	2025	2024
	€	€
Barrachas	1,370,544	5,156,985
Géilleadh iarchurtha	—	(110,000)
Barrachas le géilleadh	1,370,544	5,046,985

John Hogan

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Aire Airgeadais

9 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Costas an chláir	15,859	12,597
Pá	30,792	28,153
Neamhphá	4,055	4,174
Ollchaiteachas	50,706	44,924
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	1,287	7,537
Glanchaiteachas	49,419	37,387
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(32)	
Dímheas	13	
Diúscairtí	60	
Dímheas ar dhiúscairtí	(60)	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	—	
Amúchadh	16	
	(3)	833
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	25	
Méadú ar speansais fhabhraithe	607	
	632	901
Caiteachas vótáilte díreach	50,048	39,121
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	16,650	17,625
Measchíos	2,393	1,236
Glanchoistas an chláir	69,091	57,982

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 7 a iompraíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 11	Caiteachas Poiblí, Bonneagar, Athchóiriúchán Seirbhíse Poiblí agus Digitiúchán	223	294
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	15,340	14,053
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,001	1,582
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	618	1,882
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	539	533
Vóta 20	An Garda Síochána	271	326
An Príomh-Chiste – pinsin airí		271	272
		18,263	18,942
Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do vótaí eile		(1,613)	(1,317)
		16,650	17,625

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoín, fearas agus trealamh	2.1	79	60
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	138	154
		217	214
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíochtaí	2.3	465	490
Iarmhéideanna dochair eile	2.4	1,030	1,335
Glanmhaoiniú ón Stáitchiste	2.7	742	313
		2,237	2,138
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Banc agus airgead tirim		489	628
Speansais fhabhráithe	2.5	2,358	1,751
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	1,283	1,020
		4,130	3,399
Glandlíteanais reatha		(1,893)	(1,261)
Glandlíteanais		(1,676)	(1,047)
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.8	(1,676)	(1,047)

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige	Trealamh TF	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil				
Ag an 1 Eanáir 2025	205	60	60	325
Breiseanna	32	—	—	32
Diúscairtí ^a	—	(60)	—	(60)
Nithe a cuireadh in úsáid	—	60	(60)	—
Ag an 31 Nollaig 2025	237	60	—	297
Dímheas carntha				
Ag an 1 Eanáir 2025	205	60	—	265
Dímheas don bhliain	4	9	—	13
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(60)	—	(60)
Ag an 31 Nollaig 2025	209	9	—	218
Glansócmhainní				
Ag an 31 Nollaig 2025	28	51	—	79
Ag an 31 Nollaig 2024	—	—	60	60

Nóta ^a Baineann na diúscairtí seo le míreanna aonair a aistríodh chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais a bhaint den chlár sócmhainní.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha	Iomlán
	€000	€000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2025	166	166
Breiseanna	—	—
Ag an 31 Nollaig 2025	166	166
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2025	12	12
Amúchadh don bhliain	16	16
Ag an 31 Nollaig 2025	28	28
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2025	138	138
Ag an 31 Nollaig 2024	154	154

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Ceadúnais agus tacaíocht TF	278	317
Oiliúint	107	109
Síntiúis	55	55
Réamhíocaíochtaí eile	25	9
	465	490

2.4 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Caiteachas taistil in-fhorchúitithe	36	47
Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil	33	23
Tuarastail in-fhorchúitithe	102	102
Párolla	771	600
Míreanna dochair eile ar fionraí	88	563
	1,030	1,335

2.5 Speansais fhabhráithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Costais phárolla	1,863	1,338
Costais iasachta	219	109
Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile	103	243
Costais áitribh oifige	74	18
Taisteal agus cothú	67	10
Riarachán ginearálta	32	33
	2,358	1,751

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don stát		
Cáin ioncaim	410	379
Árachas sóisialach pá- choibhneasa	307	267
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	34	35
Cáin bhreisluacha	246	49
Ranníocaíochtaí pinsin	106	93
Cáin mhaoine áitiúil	1	1
Muirear sóisialach uilíoch	76	77
Míreanna sochair eile ar fionraí	—	39
	1,180	940
Fionraí		
Asbhaintí párolla	103	80
	1,283	1,020

2.7 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	1,371	5,047
Géilleadh iarchurtha	—	110
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,113)	(5,470)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	(742)	(313)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: fionraí	1,030	1,335
	1,030	1,335
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,180)	(940)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(103)	(80)
Banc agus airgead tirim	(489)	(628)
	(1,772)	(1,648)
	(742)	(313)

2.8 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2025		2024
		€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir			(1,047)	687
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar meastacháin	Cuntas	50,790		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(1,371)		
Glanvóta			49,419	37,387
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1		16,650	17,625
Míreanna neamhairgid: measchíos			2,393	1,236
Glanchostas an chláir	1		(69,091)	(57,982)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig			(1,676)	(1,047)

2.9 Dliteanais aibithe

ag an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	5	11

2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá dlíthíocht ar siúl maidir le Corparáid na hÉireann um Réiteach Banc (CÉRB) agus maidir le Permanent TSB. Tá na caingne sin á gcosaint, agus ní dhearnadh aon mheastachán ar an dliteanas féideartha.

Tugadh cosaintí áirithe tríú páirtí (i riocht barántas agus slánaíochtaí) i ndáil le díol Irish Life Limited, i ndáil le diúscairt nótaí caipitil teagmhasacha Bhanc na hÉireann, i ndáil le diúscairt scaireanna i mBanc na hÉireann, in PTSB agus in AIB, agus i ndáil le leachtú CÉRB.

Ní ionann iad sin agus liosta iomlán dlíthíochta ná cosaintí tríú páirtí. Cuireadh na míreanna sin san áireamh toisc gur tharla sé, tráth a tionscnaíodh nó a soláthraíodh iad, go raibh tábhacht ar leith ag baint leo don Aire agus don Stát.

Is dócha go laghdóidh luach aon dliteanas teagmhasach den sórt sin le himeacht ama, i gcás go dtiocfaidh siad chun cinn.

2.11 Tionchar na n-athruithe beartais cuntasaíochta

Cuireadh naoi gcinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus cuireadh sé cinn nua de chaighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

	2025	2024
	€000	€000
Coigeartú sócmhainní doláimhsithe ^a	—	(1,056)
Fabhrú saoire ^b	—	(522)
Fabhrú párolla ^b	—	(816)
	<u>—</u>	<u>(2,394)</u>

Nóta ^a CGAS 31 Sócmhainní Doláimhsithe
 ^b CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Beartas Eacnamaíoch, Fioscach agus Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais.

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá, pinsin agus liúntais			
	<i>Bunaidh</i>	30,051		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(102)		
			29,949	28,153
ii	Taisteal agus cothú			
	<i>Bunaidh</i>	1,081		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(100)		
			981	869
iii	Oiliúint agus forbairt		500	479
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach			485
	<i>Bunaidh</i>	1,206		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(65)		
			1,141	1,257
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF			
	<i>Bunaidh</i>	970		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(48)		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	110		
			1,032	828
vi	Speansais áitribh agus chóiríochta			
	<i>Bunaidh</i>	1,842		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(850)		
			992	724
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde			
	<i>Bunaidh</i>	115		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(36)		
			79	11
viii	An Uachtaránacht ar an Aontas Eorpach ^a		1,000	958
			35,674	34,847
				32,327

Nóta ^a Tugadh an fo-mhírcheann caiteachais a bhaineann leis an Uachtaránacht ar an Aontas Eorpach isteach sa bhliain 2025. Tá an leithdháileadh cionroinnte mar a leanas: leithdháileadh €950,000 ar chaiteachas pá riaracháin agus leithdháileadh €50,000 ar chaiteachas neamhphá riaracháin.

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin.

v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF

Soláthar meastacháin €1.080 milliún; toradh €724,000

Baineann an tearc-chaitheamh €356,000 leis na deacrachtaí ar tháinig soláthraithe orthu ina slabhraí soláthair agus le sceidealú sruthanna oibre caipitil áirithe nach féidir a thuair le cinnteacht.

vi Speansais áitribh agus chóiríochta

Soláthar meastacháin €1.842 milliún; toradh €951,000

Baineann an tearc-chaitheamh €891,000 go príomha leis an meastachán forlíontach ba ghá chun cistí a ath-leithdháileadh chun freastal ar an éileamh méadaithe ar an Deontas Breosla. D'iarr an Roinn maoiniú in oirchill seilbh a ghlacadh ar oifigí nua ar Lána Líosain go luath sa bhliain 2025. Mar sin féin, níor bhog aon bhaill foirne isteach san fhoirgneamh go dtí mí na Bealtaine 2025, rud a d'fhág go raibh coigilt ann ar speansais fónais. Sainaithníodh coigiltí sa leithdháileadh caipitil freisin, toisc nár cuireadh tionscadail ar aghaidh chomh tapa agus a bhíodhas ag súil leis.

Clár A Beartas Eacnamaíoch, Fioscach agus Seirbhísí Baincéireachta agus Airgeadais

		2025		2024
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunaidh</i>	31,001		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(102)		
			30,899	28,153
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunaidh</i>	5,764		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(1,099)		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	110		
			4,775	4,174
A.3	Coistí agus coimisiúin			
	<i>Bunaidh</i>	430		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	(120)		
			310	369
A.4	Athbhreithnithe ar pholasaithe, ar sheirbhísí comhairleoireachta agus ar thaighde		2,674	1,177
A.5	Deontas breosla			
	<i>Bunaidh</i>	11,000		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	919		
			11,919	10,526
A.6	Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean			
	<i>Bunaidh</i>	525		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	303		
			828	525
A.7	Pinsin do chomhlachtaí áirithe atá faoi choimirce na Roinne			
	<i>Bunaidh</i>	250		
	<i>Meastachán forlíontach</i>	100		
			350	—
		51,755	50,706	44,924

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad.

A.3 Coistí agus coimisiúin

Soláthar meastacháin €430,000; toradh €258,000

Tharla an tearc-chaitheamh €172,000 go príomha mar gheall ar athruithe ar struchtúr Boird an Bhoird Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe a rinne difear don líon cásanna a raibh an Bord in ann iad a bhreithniú le linn na bliana 2025. D'éirigh Cathaoirleach an Bhoird nua as i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus ceapadh Cathaoirleach nua as measc na gcomhaltaí láithreacha ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024. Ceapadh cúigiú comhalta den Bhord i mí Iúil 2025. Sainordaítear le hathruithe reachtacha a rinneadh sa bhliain 2025 nach mór ceathrar comhaltaí ar a laghad a bheith ag an mBord ionas go bhféadfaidh sé feidhmiú. Is é an rún, áfach, go mbeidh cúigear comhaltaí aige i gcás gur féidir. Agus an Bord ar lánacmhainn anois, táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon éisteachtaí achomhairc a sheolfar sa bhliain 2026.

A.4 Athbhreithnithe ar pholasaithe, ar sheirbhísí comhairleoireachta agus ar thaighde

Soláthar meastacháin €2.674 milliún; toradh €2.553 milliún

Tháinig an tearc-chaitheamh €121,000 chun cinn mar gheall ar chineál an fho-mhírchinn seo, áit nach féidir an clár oibre a thuar le cinnteacht agus nach mór buiséid a shocrú ag leibhéal stuama chun ligean do na haonaid aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

A.5 Deontas breosla

Soláthar meastacháin €11 mhilliún; toradh €11.87 milliún

Cé go n-íoctar an deontas i leith breosla a úsáideadh sa 12 mhí roimhe, féadfar éilimh a dhéanamh i leith breosla a úsáideadh in aon cheann de na ceithre bliana roimhe. Bíonn caitheamh ar an deontas breosla ag brath ar roinnt tosca, a fhágann go mbeidh difríocht éigin ann i gcónaí idir an caiteachas iarbhir agus an caiteachas measta. Go háirithe, toisc gur scéim atá faoi thionchar an éilimh í, bíonn sé deacair an caitheamh a mheas go cruinn.

A.6 Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

Soláthar meastacháin €525,000; toradh €828,000

Is le tobhach tionscail a ghearrtar i leith gearáin faoi sheirbhísí airgeadais agus le hairgead ón Roinn Airgeadais i leith gearáin faoi phinsin a mhaoinítear oibriú oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean. Tharla an róchaitheamh €303,000 mar thoradh ar mhéadú ar an líon gearán a fuarthas agus ar an sciar de ghearáin a bhí inchurtha i leith pinsean.

A.7 Pinsin do chomhlachtaí áirithe atá faoi choimirce na Roinne

Soláthar meastacháin €250,000; toradh €350,000

Maoiníonn an Roinn Airgeadais na dliteanais phinsin atá ar Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean i ndáil lena riachtanais mhaoinithe don Scéim (eiseamláireach) nach Scéim Aonair í agus don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair araon. Tharla an róchaitheamh €100,000 mar thoradh ar roinnt íocaíochtaí móra scoir nach rabhthas ag súil leo tráth Bhuiséad 2025.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2025	2024
		Soláthar meastacháin	Réadaithe
		€000	€000
1	Forchúiteamh dliteanas pinsin ó chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne	15	173
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	800	960
3	Ilghnéitheach	150	154
		965	1,287
			7,537

Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad) i leithreasáí-i-gcabhair.

1 Forchúiteamh dliteanas pinsin ó chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne
Soláthar meastacháin €15,000; réadaithe €173,000

Sa bhliain 2023, thug an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ceadú don Roinn Airgeadais na dliteanas phinsin a bhaineann leis na sochair is iníoctha le comhaltaí den scéim pinsean (nach scéim aonair í) de chuid an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (OSAP) a mhaoiniú. Ina dhiaidh sin, sa bhliain 2024, rinne OSAP asbhaintí pinsin ab fhiú €6.314 milliún a fabhraíodh go dtí sin a aistriú chuig an Roinn Airgeadais. Soláthraíodh an meastachán don bhliain 2025 díreach tar éis tús a chur le socruithe le haghaidh aon chistí barrachais a bhailíonn OSAP (glan ar íocaíochtaí pinsin a dhéantar) a aistriú go buan chuig an Roinn Airgeadais. Agus é cothrom le €173,000, bhí an figiúr iarbhrí le haghaidh na dliteanas phinsin a fhorchúiteamh ar feadh na bliana 2025 ina hiomláine níos airde ná an meastachán bunaidh.

2 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise
Soláthar meastacháin €800,000; réadaithe €960,000

Déantar na fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí a mheas bunaithe ar an líon foirne atá fostaithe ag an Roinn agus ar na hacmhainní breise a theastaíonn. Is féidir leis an toradh a bheith éagsúil, agus é ag brath ar cén uair a fhágann baill foirne an Roinn nó a théann siad isteach inti agus ar leibhéal luach saothair na mball foirne aonair.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí-i-gcabhair agus méideanna airgid thirim a fuarthas sa bhliain. Is ionann Ioncam an Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta nárbh idirbhearta malairte iad	
Deontas ón bPríomh-Chiste	49,419
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	960
Ioncam eile	
Ilghnéitheach	327
Iomlán an ioncaim	50,706
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasaí-i-gcabhair (nóta 4.1)	1,287
Deontas ón bPríomh-Chiste	49,419
	50,706

4.3 Gnóthachan/caillteanas i rátaí malairte eachtraí

	2025
	€000
Caillteanas malairte eachtraí	(2)

4.4 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	—	—
Ús ar an gCuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais ^a	7,396	16,476
Géilleadh deonach pá ^b	17	40
Aistrithe chuig an Státchiste	(7,413)	(16,516)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	—	—

Nóta ^a Bunaíodh an cuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais chun riosca contrapháirtí a fhritháireamh, áit a ndéantar cistí barrachais sna cuntais uile atá á sealbhú le Soláthraí Baincéireachta an Rialtais a aistriú thar oíche chuig an gcuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais, rud atá á shealbhú le Banc Ceannais na hÉireann; úsáidtear na cistí barrachais sin ansin chun caiteachas a fhritháireamh an lá oibre dár gcionn. Thuill an cuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais ús €7.396 milliún sa bhliain 2025. Íocadh é sin leis an Státchiste.

^b Leasaíodh na figiúirí comparáideacha chun méid €40,000 a léiriú i ndáil le géilleadh deonach pá, rud a cuireadh san áireamh san ús ar an gcuntas Airgid Caiteachais Phoiblí Barrachais i gcuntas leithreasa na bliana 2024.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Ag an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana	390	375

5.2 Pá

	2025	2024
	€000	€000
Pá	26,916	24,806
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	238	192
Liúntais eile	671	468
Ragobair	299	189
ÁSPC an fhostóra	2,668	2,327
Íocaíocht pinsin	—	22
Scaoilíocaíochtaí	—	149
	30,792	28,153

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2025 €	2024 €
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	24	6	33,297	35,795
Liúntais eile	34	12	98,316	57,954
Ragobair	64	9	73,616	30,555
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	9	7	66,343	68,469

5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	210	209
60,000	69,999	26	24
70,000	79,999	15	15
80,000	89,999	16	32
90,000	99,999	47	28
100,000	109,999	35	24
110,000	119,999	14	7
120,000	129,999	11	14
130,000	139,999	10	6
140,000	149,999	—	3
150,000	159,999	1	—
160,000	169,999	1	3
170,000	179,999	2	1
180,000	189,999	4	2
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	—	—
230,000	239,999	—	—
240,000	249,999	—	—
250,000	259,999	—	1
260,000	269,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	261	252

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh beirt státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táillí ar chostas iomlán €21,680, agus bhí na híocaíochtaí aonair sa raon idir €8,000 agus €13,680. Rinneadh na híocaíochtaí uile i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €912,564 i dtaca le naonúr oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2025 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar fóc an Roinn a dtuarastail.

5.7 Scaoilíocaíochtaí

Fuair beirt bhall foirne ar foirceannadh a bhfostaíocht sa bhliain 2025 scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €182,344 i mí Eanáir 2026. Níor deonaíodh aon íocaíocht luath pinsin, blianta breise de sheirbhís bharúlach ná aon fheabhas eile ar na téarmaí fabhráithe pinsin.

Sa bhliain 2024, ró-íocadh scaoilíocaíocht le hiarbhall foirne mar gheall ar dhearmad riaracháin a rinne an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Sainaithníodh an earráid i mí Iúil 2025; bunaíodh plean forchúitimh ó shin i leith.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	48	94,140	92,894
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	22	35,906	34,471

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Feidhmeanna córais baincéireachta

Rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna córais baincéireachta a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010. Cúlghaireadh an tarmligean sin le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011 agus tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht don Roinn Airgeadais ó shin i leith. Ar ordachán ón Aire, leanann GBCN le costais an aonaid a íoc, ar costais iad a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe chomhairleoireachta.

6.2 Coistí agus coimisiúin

	2025	2024
	€000	€000
Coimisiún buan		
An Bord Achomharc Míochaine um Thiománaithe	214	332
Míchumasaithe ^a		
	214	332

Nóta ^a Gníomhaíonn an Bord Achomharc Míochaine um Thiománaithe Míchumasaithe mar chomhlacht achomhairc do na hiarratasóirí sin ar dhiúltaigh oifigeach liachta sinsearach bundeimhniú liachta dóibh i leith na Scéime um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháltais Chánach). Bunaíodh an Bord sa bhliain 1989. Ba í an bhliain 2024 an chéad bhliain iomlán inar sheol an Bord oibríochtaí ó d'éirigh na comhaltaí roimhe as i mí na Samhna 2021, ó ceapadh Bord nua i mí Mheán Fómhair 2023 agus ó atosáíodh an próiseas achomhairc i mí na Nollag 2023. Aistríodh costais áirithe ón Roinn Airgeadais chuig an Roinn Sláinte le héifeacht ón mbliain 2024. D'éirigh Cathaoirleach an Bhoird nua as i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus ceapadh Cathaoirleach nua as measc na gcomhaltaí láithreacha ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2024. Ceapadh cúigiú comhalta den Bhord i mí Iúil 2025. Sainordaítear le hathruithe reachtacha a rinneadh sa bhliain 2025 nach mór ceathrar comhaltaí ar a laghad a bheith ag an mBord ionas go bhféadfaidh sé oibriú. Is é an rún, áfach, go mbeidh cúigear comhaltaí aige i gcás gur féidir. Agus an Bord ar lánacmhainn anois, táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon éisteachtaí achomhairc a sheolfar sa bhliain 2026.